

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Cigireacht na Luathbhlianta

**Treoir maidir le Beartas ar Údarú chun Leanaí a
Bhailiú i Seirbhísí Réamhscoile**

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Clár Ábhair

1.0 Cuspóir	3
2.0 Bunriachtanais bheartais.....	3
Ceanglas 1	4
Ceanglas 2	4
3.0 An cleachtas is fearr maidir le Beartas um Údarú chun Leanaí a Bhailiú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	5
4.0 Aguisín.....	6
4.1 Faisnéis Tacaíochta	6

1.0 Cuspóir

Is é cuspóir na cáipéise seo na riachtanais rialála a sholáthar do sheirbhísí réamhscoile don bheartas sonrach maidir le húdarú chun leanaí a bhailiú, mar a leagtar amach san [Acht um Chúram Leanaí \(1991\) Rialacháin Seirbhísí Luathbhlianta \(2016\)](#). Leagtar amach sa cháipéis seo na bunriachtanais rialála le haghaidh an bheartais seo, chomh maith le leideanna agus breithnithe a thacóidh le soláthraithe cláraithe lena chinntiú go bhforbraítear a mbeartas agus a nósanna imeachta go hiomlán agus go léirítear iad sna cleachtais ina seirbhís.

Ba cheart an fhaisnéis sa doiciméad seo a chur i bhfeidhm ar an mbeartas sonrach maidir le húdarú chun leanaí a bhailiú agus ar nósanna imeachta na seirbhíse a ghabhann leis. Ba cheart an cháipéis seo a léamh i gcomhar leis [an Treoir Phraiticiúil maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Luathbhlianta, an cháipéis Ceisteanna agus Freagraí](#), agus [an Creat Cáilíochta agus Rialála](#).

Is chun críocha tagartha amháin atá an doiciméad seo. Níor cheart glacadh leis go bhfuil an treoir a chuirtear ar fáil cuimsitheach nó go dtugtar léi freagra cinntitheach i ngach cás..

Tá tuilleadh acmhainní ar fáil in [Aquisín 1](#).

Ceanglais Rialála an Bheartais seo

Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí (1991) um Sheirbhísí Luathbhlianta (2016), (Sceideal 5.1 (k))

Ciallaíonn beartas maidir le húdarú chun leanaí a bhailiú, i dtaca le seirbhís réamhscoile ná beartas ina sonraítear prótacail na seirbhíse maidir le leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a bhailiú ón tseirbhís.

2.0 Bunriachtanais bheartais

Moltar Ráiteas Beartais don bheartas seo in éineacht leis na bunriachtanais mar a leagtar amach tuilleadh sa cháipéis seo. Ba cheart go leagfaí amach sa ráiteas beartais tiomantas na seirbhíse maidir le nósanna imeachta agus cleachtais atá sábháilte agus oiriúnach i bhfeidhm acu chun a chinntiú go ndéantar leanaí a chosaint ag amanna bailiúcháin.

Ceanglas 1

Leagtar amach sa bheartas an gnáthamh le haghaidh leanaí a bhailiú ón tseirbhís.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) An chaoi a gcuirtear tuismitheoir(i), caomhnoirí nó duine/ daoine ainmnithe ar an eolas faoi nósanna imeachta bailiúcháin na seirbhíse.
- (b) An chaoi ar féidir le tuismitheoirí nó caomhnoirí duine a ainmniú chun an leanbh a bhailiú, agus na bearta a ghlacann an tseirbhís chun údarú a thaifeadadh.
- (c) Na bearta atá i bhfeidhm do leanbh a bhailiú, lena n-áirítear taifead a choinneáil d'údarú an linbh, agus an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí, agus maoirseacht de gach leanbh agus bailiúchán ar siúl.
- (d) Na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcás bailiúchán déanach nó neamh-bhailiúchán ón tseirbhís ag an tuismitheoir, ag an gcaomhnoir agus/nó an duine/ na daoine ainmnithe.
- (e) An chaoi a gcuirtear baill foirne ar an eolas faoi údarú na seirbhíse maidir le nósanna imeachta bailiúcháin.
- (f) Go gcoinnítear an taifead/na taifid freastail ar feadh bliana.

Ceanglas 2

Leagtar amach sa bheartas nósanna imeachta chun a chinntiú nach mbailíonn ach an duine údaráithe amháin an leanbh agus an nós imeachta atá ann i gcás go dtagann duine neamh-údaráithe chun an leanbh a bhailiú.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcás go dtagann duine neamh-údaráithe chun an leanbh a bhailiú.
- (b) Nósanna imeachta¹ na seirbhíse nuair a thagann tuismitheoir nó caomhnoir nó duine údaráithe agus iad neamhábaltá an leanbh a bhailiú.

¹ Ba cheart go sonraítear na nósanna imeachta seo laistigh den bheartas um chosaint leanaí, agus beartas bainistíocht riosca.

3.0 An cleachtas is fearr maidir le Beartas um Údarú chun Leanaí a Bhailiú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

Chomh maith leis na ceanglais rialála don bheartas seo mar a leagtar amach sa cháipéis seo, is féidir le soláthraithe seirbhíse cáilíocht an chleachtais a fheabhsú i gcur chun feidhme an bheartais maidir leis an mBeartas um Údarú chun Leanaí a Bhailiú sa tseirbhís. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar dhea-chleachtas sa réimse beartais seo agus déantar tuilleadh eolais a threorú nuair atá sé ar fáil.

- Ba cheart go léireofaí i gcur chun feidhme an bheartais Caighdeán Síolta, go háirithe Caighdeán 13 [Aistrithe](#).
- Is féidir leis an mbeartas nósanna imeachta fágála a chlúdach chomh maith le nósanna imeachta bailiúcháin.
- Ba cheart go mthaíonn tuismitheoirí agus caomhnóirí go bhfuil fáilte acu roimh an tseirbhís agus iad ag fágáil nó ag bailiú a leanaí.
- Ba cheart go n-áirítear sa taifead ar fhreastal gach leanbh ar bhonn laethúil an t-am isteach agus/nó amach an linbh, ainm an duine/na ndaoine atá ag fágáil nó ag bailiú an linbh, agus ainm an duine laistigh den tseirbhís a bhfuil an taifead á choimeád acu.
- Ba cheart go leagtar amach sa bheartas na hionchais le haghaidh leanaí ag teacht chun na seirbhíse, mar shampla, go bhfuil tuismitheoir nó duine údaráithe leis an leanbh agus iad ag dul chuig doras na seirbhíse agus go mbuaileann ball foirne leo.

4.0 Aguisín

4.1 Faisnéis Tacaíochta

- Aistear Síolta: [Treoir Chleachtais](#)
- Barnardos: [Ag Obair in Éineacht le Tuismitheoirí](#)
- Barnardos: [Pleanáil Theagmhas Criticiúil i Seirbhísí Luathfhoghlaim agus Aois Scoile](#)

Tagairt QMS	EYI-GDE12.38
Leagan	V2.0
Dáta	12/12/2025